



DÁTA: 1/4/2022

Tá Boird Oideachais agus Oiliúna na hÉireann i gceannas ar an bhfreagairt náisiúnta oideachais dóibh siúd atá ag teitheadh ón Úcráin

Sé cinn déag de phointí ilfhreastail do gach scoil, ranganna Béarla agus gléasanna TFC i measc na mbeart

Tá Boird Oideachais agus Oiliúna (BOOanna) ag comhordú forbairt sé cinn déag d'Fhoirne Réigiúnacha Oideachais agus Teanga ilghníomhaireachta (REALT), ag freagairt don ghá atá le ranganna Béarla agus ríomhairí glúine agus táibléid a chur ar fáil chun tacú le scoileanna atá ag soláthar áiteanna do leanaí ón Úcráin.

Cuimsíonn gach Foireann Réigiúnach Oideachais agus Teanga gairmithe agus ionadaithe ó Sheirbhís Tacaíochta Oideachais Tulsa, seirbhísí síceolaíochta scoile, speisialtóirí oideachais speisialta agus comhlachtaí bainistíochta scoile. Tá an méid seo a leanas ag BOOanna freisin

- Comhordaitheoir tiomnaithe chun tacú le gach Foireann Réigiúnach Oideachais agus Teanga
- Ríomhphost tacaíochta scoile agus uimhir theileafóin tiomnaithe
- Clár tiomnaithe de ghléasanna TFC (ríomhairí glúine, táibléid, agus gléasanna móibíleacha eile) chun ríomhfhoghlaim a éascú.

Cé gurb í an scoil an príomhphointe teagmhála i gcónaí do theaghlaigh na hÚcráine a bhfuil áiteanna á lorg acu dá leanaí, cabhróidh na Foirne Réigiúnacha Oideachais agus Teanga leis na scoileanna sin maidir le tacú le hacmhainneacht, eolas agus acmhainní a roinnt lena n-áirítear iad siúd le haghaidh ESOL (Béarla do Chainteoirí Teangacha Eile).

Beidh ról lárnach ag seirbhísí Breisoideachais & Oiliúna BOO maidir le seachadadh ESOL (Béarla do Chainteoirí Teangacha Eile) agus soláthrófar

- Pointe teagmhála amháin le haghaidh soláthar ESOL trína nOifigeach Oideachais d'Aosaigh
- Rochtain ar líonra seirbhísí treorach d'aosaigh ar fud na tíre
- Foireann uirlisí ESOL um Fhoghlaim Teaghlaigh.

Ag fáiltiú dó roimh na forbairtí seo, dúirt Ard-Rúnaí BOOÉ Paddy Lavelle: “Mar gheall ar ár suíomhanna ar fud na tíre agus ár dtacaíochtaí riaracháin intí, tá Boird Oideachais agus Oiliúna sároiriúnach chun an fhreagairt seo a chomhordú i gcomhar lenár gcomhpháirtithe ar fud na hearnála scoile ar fad. Teastaíonn uainn nach mbeadh aon strus i gceist leis an iontráil tosaigh isteach inár gcóras oideachais do mhuintir na hÚcráine. Tá ceannaire ainmnithe ceaptha ag BOOÉ freisin chun tacú lenár mbaill BOO agus táimid i ndlúth-theagmháil leis an Roinn Oideachais agus leis an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta.”

“Bhí an-áthas orm freisin scéalta croíúla agus chomhbhácha a chloisteáil faoinár BOOanna, a bhfoireann agus a bhfoghlaimoirí ó na seisiúin eolais i gCo. Bhaile Átha Cliath go dtí an ceol agus damhsa traidisiúnta agus ranganna Béarla do thuismitheoirí & do naíonáin i gContae an Chláir,” a dúirt sé.

CRÍOCH

Nótaí don Eagarthóir

Le haghaidh tuilleadh faisnéise téigh chuig <https://www.etbi.ie/regional-education-and-language-teams-for-ukraine/> agus gov.ie atá le fáil chomh maith in [Úcráinis](#) agus [Rúisis](#)

Ar fáil le haghaidh agallaimh: Paddy Lavelle, Ard-Rúnaí, BOOÉ

Maidir le Boird Oideachais agus Oiliúna Éireann

Is é Bord Oideachais agus Oiliúna Éireann (BOOÉ) an comhlacht ionadaíoch náisiúnta dár mball BOO agus déanann sé idirbheartaíocht thar ceann earnáil na mBOO ag fóraim éagsúla laistigh den earnáil oideachais, an tseirbhís phoiblí níos leithne agus ag leibhéal an AE. Is é ár misean forbairt leanúnach an oideachais, na hoiliúna agus na hoibre don óige in Éirinn a threorú agus a chur chun cinn. Is í ár bhfís leas a bhaint as ár neart chun tionchar a imirt ar earnáil láidir oideachais agus oiliúna agus í a chur chun cinn trí chomhoibriú agus iarracht chomhchoiteann. Tá BOOÉ á threorú ag prionsabail na ndaoine, na comhpháirtíochta agus na hacmhainneachta ina ngníomhaíochtaí go léir.

Maidir leis na Boird Oideachais agus Oiliúna

Is iad na Boird Oideachais agus Oiliúna na príomhsholáthróirí reachtúla Oideachais agus Oiliúna in Éirinn agus is soláthraithe uathúla iad maidir le hoideachas agus oiliúint saoil iomlán a sholáthar do chách. I dteannta a chéile, cuireann na sé Bhord Oideachais agus Oiliúna déag seirbhísí ar fáil do bhreis is 368,000 foghlaimeoir in 1000 suíomh. Tá BOOanna freagrach as 27 Pobalscoil Náisiúnta agus 250 Coláiste Pobail (níos mó ná aon trian de na hiar-bhunscoileanna go léir) le níos mó ná 112,000 scoláire. Lena chois sin is iad na BOOanna na soláthraithe oideachais is mó trí mheán na Gaeilge ag an leibhéal iarbhunscoile le 48 scoil. Seachadann BOOanna Breisoideachas agus Oiliúint do 200,000 rannpháirtí i níos mó ná 500 suíomh ar fud na tíre agus tá ról lárnach acu maidir le printíseachtaí agus cúrsaí oiliúna a sheachadadh i gcomhpháirtíocht le fostóirí. Lena chois sin cuireann BOOanna seirbhísí don óige ar fáil, déanann siad monatóireacht orthu agus tacaíonn siad leo. Fostaíonn an Earnáil BOO breis is 32,000 duine agus tá comhchaitheamh bliantúil níos mó ná €2.2 billiún aici. [Eolaire BOOanna](#)

Sonraí teagmhála na meán:

Fiosruithe ginearálta ó na meáin chuig media@etbi.ie